**Litrí Lováin**

Sagart agus scríbhneoir, file agus diagaire ab ea Flaithrí Ó Maolchonaire. Ba le linn dom bheith ar cuairt ar an gColáiste Éireannach i Lováin na Beilge le déanaí a chuir mé eolas den chéaduair ar a bheatha. Bhí a fhios agam gur fada siar sa stair na naisc idir Éirinn agus mór-roinn na hEorpa, ach ní raibh mé eolach ar an gceangal seo idir Éirinn agus an Bheilg.

Bhí lámh ag Flaithrí Ó Maolchonaire i mbunú an Choláiste sa bhliain 1607. Ba bheag áit in Éirinn an uair sin a raibh deiseanna oiliúna do Chaitlicigh iontu agus is i ngeall air sin a chuaigh cléir Chaitliceach na hÉireann chun na Mór-Roinne le hionaid léinn agus mainistreacha a bhunú. Sa Choláiste Éireannach in Santander na Spáinne a fuair Flaithrí féin léann sagairt.

Is i stát na Beilge atá Lováin sa lá atá inniu ann, ach ba faoi smacht na Spáinne a bhí sí an uair sin; an Ísiltír Spáinneach a thugtaí ar an réigiún. Mar sin, ba chuig Rí na Spáinne a chuir Flaithrí achainí ag iarraidh cabhrach chun an Coláiste a bhunú, agus fuair sé a achainí.

I ngeall ar an tréimhse a chaith sé in Santander bhí Spáinnis ar a thoil ag Flaithrí agus rinne sé roinnt de mhórshaothair dhiaga na teanga sin a aistriú go Gaeilge. Ar cheann de na saothair is mó cáil a d'aistrigh sé tá an saothar Catalóinise *El Desseoso; Desiderius* a tugadh ar an leagan Gaeilge. Foilsíodh i Lováin sa chló Gaelach é. Is cosúil go bhfuair an Coláiste a chlóphreas féin i 1614 agus ón uair sin amach bhí siad in ann na saothair a bhí á scríobh agus á n-aistriú ansin a chur i gcló agus a scaipeadh ar fud na hEorpa.

Sular tháinig Flaithrí go Lováin ba mhinic é anonn is anall idir Éirinn agus an Spáinn. In 1601, bhí sé ag Cath Chionn tSáile, agus d'fhill sé ar an Spáinn go gairid ina dhiaidh sin in éineacht leis an taoiseach Aodh Rua Ó Domhnaill. Anamchara le hAodh Rua ab ea é. Nuair a d’fhág na hIarlaí Éire in 1607 ba ar an Spáinn a bhí a dtriall, ach níor tugadh cead isteach dóibh. Go Lováin a chuaigh siad ina ionad sin. Cuireadh fáilte is fiche rompu ansin agus thionlaic Flaithrí chun na Róimhe ina dhiaidh sin iad.

Tá an mana a greanadh 400 bliain ó shin le feiceáil sa stua os cionn gheata an Choláiste inniu, mar atá "Chun glóire Dé agus onóra na hÉireann". Cuimhneachán breá ar Fhlaithrí agus ar fhealsúnacht agus creideamh lucht a bhunaithe is ea é. Measaim go meabhraíonn scéal Fhlaithrí dúinn freisin a mhéad agus a bhí cinniúint na hÉireann nasctha le cinniúint na hEorpa. Agus, dar ndóigh, is mar sin atá fós.